



An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2018  
(OR. en)

10306/18

SOC 431  
EDUC 264

## NÓTA

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 21 Meitheamh 2018

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 9724/18 + COR 1 + COR 2  
roimhe seo:

---

Ábhar: Beartais forbartha chomhtháite don luath-óige mar uirlis chun an bhochtaineacht a laghdú agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn  
- Conclúidí ón gComhairle

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le "Beartais chomhtháite forbartha don luath-óige mar uirlis chun an bhochtaineacht a laghdú agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn", a ghlac an Chomhairle ag a cruinniú ar an 21 Meitheamh 2018.

# Beartais forbartha chomhtháite don luath-óige mar uirlis chun an bhochtaineacht a laghdú agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn

## Conclúidí ón gComhairle

### AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU

1. Is bunchuspóirí de chuid an Aontais Eorpaigh iad cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint, bochtaineacht agus eisiaimh sóisialta leanaí a chomhrac agus comhionannas deiseanna a chur ar fáil do gach páiste, beag beann ar a chúlra sóisialta, cultúrtha, eitneach nó eile. I gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, fógraítear go mbeidh sé de cheart ag leanaí an chosaint agus an cúram a bheith acu is gá ar mhaithe lena ndea-bhail agus go mbeidh leas an linbh mar cheann de na príomhchlocha tomhais i ngach gníomh a bhaineann le leanaí, bíodh sé á dhéanamh ag na húdaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha;
2. Tá gealltanais tugtha ag an Aontas Eorpach gona Bhallstáit, i gcomhthéacs na Straitéise Eoraip 2020, an bhochtaineacht agus an t-eisiaimh sóisialta a laghdú, lena n-áirítear i measc leanaí. In 2016, bhí 24.8 milliún leanbh san Aontas fós i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta. Is cúis imní é sin i gcónaí, ós rud é go mbíonn tionchar diúltach aige ní hamháin ar dhea-bhail leanaí ach ar an tsochaí ina hiomláine. Is éadóigh go mór go n-éireoidh go maith leis na leanaí sin a thógtar sa bhochtaineacht agus i gcúinsí an eisiaimh shóisialta ar scoil, go mbeidh an tsláinte acu agus go mbainfidh siad lán a gcumais amach i gcaitheamh an tsaoil. Don tsochaí, le bochtaineacht agus eisiaimh sóisialta leanaí, cuirtear forbairt na leanaí i mbaol, fágtar nach mbítear in ann lánmhaitheas a bhaint as tallann na leanaí sin agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht ag teastáil dóibh i gcaitheamh a saoil;
3. I gColún Eorpach na gCearta Sóisialta, a fógraíodh in 2017, iarradh go ndéanfaí an bhochtaineacht a chomhrac ó thaobh cur chuige a bheadh bunaithe ar chearta an linbh, agus leagadh amach i bprionsabal go bhfuil sé de cheart ag leanaí go bhfaighidís cosaint ar an mbochtaineacht, go bhfuil sé de cheart ag leanaí atá faoi mhíbhuntáiste go gcuirfí bearta sonracha ar fáil dóibh le go mbeadh deiseanna comhionanna acu agus go bhfuil sé de cheart ag leanaí go gcuirfí oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne, ardchaighdeáin ar fáil dóibh;

4. Agus "Spriocanna Barcelona" á leagan síos acu, tá gealltanús tugtha ag an Aontas Eorpach gona Bhallstáit go ndéanfar cúram foirmiúil leanaí a chur ar fáil do 90% ar a laghad de na leanaí san Aontas idir 3 bliana d'aois agus an aois éigeantach scolaíochta, agus do 33% ar a laghad de na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois faoin mbliain 2010. Rinneadh na spriocanna sin a athdhearbhú sa Chomhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscene 2011-2020. Leis an gCreat Straitéiseach le haghaidh Comhair Eorpaigh san Oideachas agus san Oiliúint, leagadh amach mar chuspóir freisin go mbeadh 95% ar a laghad de na leanaí (idir 4 bliana d'aois agus an aois éigeantach scolaíochta) rannpháirteach san oideachas luath-óige faoin mbliain 2020.
5. Is den ríthábhacht iad luathbhlianta forbartha an linbh ó thaobh sláinte, foghlaim, iompar agus cuimsiú sóisialta an linbh a mhúnlú agus bíonn tionchar nach beag acu ar a saol iomlán. Sa chomhthéacs sin, tá beartais agus seirbhísí i ndáil leis an bhforbairt luath-óige i measc na bpríomhuirlisí chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chosc agus chun dul i ngleic leo, trí thimthriall míbhuntáiste na nglún a bhriseadh agus an tsoghluaisteacht shóisialta a chur chun cinn;
6. Le daingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, déanfaidh na tíortha go léir a ndícheall le cinntiú nach ndéanfar aon leanbh a fhágáil gan a cheart nó a ceart rochtana ar sheirbhísí bunriachtanacha le haghaidh cúram sláinte luath-óige, lena n-áirítear cúram sláinte coiscitheach luath-óige, cothú agus dea-bhail luath-óige, le fócas ar leith ar chearta leanaí ó chúlraí míbhuntáiste;
7. Is dlúthchuid é de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 an tiomantas go ndéanfaí an bhochtaineacht a dhíothú, saol folláin a áirithiú, deireadh a chur leis an bhforéigean agus leis an dúshaothrú gnéasach, agus an dea-bhail a chur chun cinn do chách ag gach aois, agus oideachas cuimsitheach, cothrom, ardcháilíochta a chur ar fáil ar gach leibhéal, lena n-áirítear don luath-óige;
8. Is infheistíochtaí an-chostéifeachtach iad na hinfeistíochtaí a dhéantar san fhorbairt luath-óige ós rud é ndéantar costais phoiblí a sheachaint ina dhiaidh sin a bheadh le híoc chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí easpa oideachais, scileanna agus fostaíochta, a mbíonn an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta ina measc;

## AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID A LEANAS

9. Teastaíonn cur chuige iltoiseach, comhtháite le cur i gcoinne bhochtaineacht agus eisiaimh sóisialta na leanaí, agus dea-bhail na leanaí a chur chun cinn, ar cur chuige é a bheadh bunaithe ar thrí phríomhchólún: rochtain ar acmhainní leordhóthanacha, rochtain ar sheirbhísí inacmhainne, ardchaighdeáin agus ceart na leanaí a bheith rannpháirteach mar a leagtar amach i Moladh 2013/112/AE ón gCoimisiún maidir le *Investing in children: breaking the cycle of disadvantage* [Infheistíocht a dhéanamh i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh];
10. Is den tábhacht é go ndéanfaí infheistíocht san oideachas agus sa chúram luath-óige, ní hamháin ó thaobh na neamhionannais a laghdú ó aois óg, ach freisin ó thaobh baol na bochtaineachta agus an eisiaimh a chosc i measc daoine fásta trí dhúshraith a leagan síos d'fhoghlaim ráthúil ar feadh an tsaoil, don chomhtháthú sóisialta agus don infhostaitheacht. Téann rannpháirtíocht san oideachas agus sa chúram luath-óige chun tairbhe gach linbh, ach tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do leanaí ó chúlraí míbhuntáiste ós rud é gur den ríthábhacht é ó thaobh oiriúnú don scoil agus ó thaobh foghlama, agus chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus fáil réidh leis trí mheán na luath-idirghabhála. Go minic is lú go mór an seans go ndéanfar leanaí ó ghrúpaí mionlaigh nó ó theaghlaigh ar ioncam íseal a chlárú san oideachas agus sa chúram luath-óige. Is den riachtanas dá réir sin go ndéanfaí a ráthú go mbeadh rochtain chomhionann ar sheirbhísí uilíocha ardcháilíochta ag leanaí ó chúlraí míbhuntáiste;
11. Ní mór d'idirghabhálacha san fhorbairt luath-óige a bheith leanbh-lárnach agus á ndíriú ar gach gné d'fhorbairt agus de dhea-bhail an linbh. Teastaíonn beartais chomhtháite, ilearnálacha chun tacú le fás agus sláinte leanaí, le gur féidir deacrachtaí a bhrath agus idirghabhálacha a dhéanamh go luath, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí sláinte coisctheacha uilíocha agus ar sheirbhísí athshlánaithe, chun deiseanna luathfhoghlama ardcháilíochta a áirithiú, chun faillí, foréigean agus rioscaí eile a chosc. Is den riachtanas é mar sin go mbeadh comhordú agus idirghníomhú maith ann idir na córais sláinte, oideachais, shóisialta agus chosanta leanaí;

12. Is den riachtanas é cur chuige comhtháite, comhordaithe a bheith ann ar an leibhéal ar a gcuirtear seirbhísí forbartha luath-óige ar fáil, agus go háirithe ar an leibhéal áitiúil. Is den riachtanas freisin go mbeadh soláthraithe oilte seirbhísí agus saineolaithe ar fáil. Téann infheistíochtaí in oiliúint rialta a chur ar ghairmithe, lena n-áirítear d'fhonn feabhas a chur ar an idirghníomhú agus ar an gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí<sup>1</sup>, chomh maith leis an obair le leanáí agus teaghlaigh ó chúlra míbhuntáiste, chun tairbhe feabhas a chur ní hamháin ar an rochtain ar sheirbhísí ach ar an gcáilíocht freisin;
13. Ós rud é gurb iad na tuismitheoirí go príomha atá freagrach as sláinte, dea-bhail agus forbairt an linbh, ní mór tacaíocht leordhóthanach a thabhairt dóibh. Is den tábhacht é go ndéanfaí cláir cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht aithreacha agus máithreacha i margadh an tsaothair, tacaíocht airgeadais agus rochtain ar sheirbhísí a chur chun cinn freisin. Tá gá le cuir chuige teaghlach-lárnacha. Le beartais dhea-cheaptha i ndáil le cothromaíocht oibre is saoil, amhail saoire tuismitheoireachta agus socrúithe solúbtha oibre, is féidir tacú leis an mbeirt tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i margadh an tsaothair, chomh maith le cabhrú le go ndéanfar na freagrachtaí cúraim a roinnt ar bhealach níos cothroime idir máithreacha agus aithreacha. Le hinfhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht oideachais agus seirbhísí cúraim luath-óige, is fusa a bhíonn sé do thuismitheoirí a gcuid freagrachtaí gairmiúla agus cúraim a chomhréiteach lena chéile, rud a fhágann gur fusa dóibh fanacht san fhostaíocht íoctha nó filleadh uirthi, gné a bhfuil tábhacht ar leith ag roinnt léi ar go leor bealaí ó thaobh dhea-bhail agus fhorbairt a gcuid leanáí;
14. Is dlúthchuid de na beartais forbartha luath-óige iad oideachas agus seirbhísí cúraim luath-óige, ach ní ar chúraimeoirí agus ar oideachasóirí foirmiúla atá an fhreagracht iomlán as an bhforbairt luath-óige. Ní mór tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas, tacú leo agus iad a threorú, agus é sin freisin sula dtéann an leanbh isteach sa chóras foirmiúil, nuair atá aire á tabhairt don leanbh sa bhaile. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht iad gníomhaíochtaí for-rochtana, go háirithe i gcás na bpobal is leochailí. Gníomhaíochtaí lena ndéantar an chomhpháirtíocht idir tuismitheoirí agus seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige a shaibhriú, bíonn tionchar an-dearfach acu ar leanáí ó chúlra míbhuntáiste;

---

<sup>1</sup> Na míreanna ar fad sna Conclúidí seo ina ndéantar tagairt do thuismitheoirí, tá siad ábhartha freisin maidir le caomhnóirí agus cúramóirí príomha.

15. Ceann de na príomhghnéithe chun straitéisí éifeachtacha a fhorbairt is ea teaghlaim a dhéanamh de bheartais uilíocha lena gcuirtear dea-bhail agus forbairt na leanaí ar fad chun cinn agus ar an taobh eile, beartais spriocdhírithé lena bhféachtar le díriú ar na teaghlaigh is leochailí ach gan iad a stiogmatú. Le cleachtais a spreagann cuir chuige ildisciplíneacha, obair shoghluaiste phobail, cuairteanna baile, oiliúint i scileanna tuismitheoireachta, comhairleoireacht agus teorú teaghlach, rannpháirtíocht idirghabhálaithe ó ghrúpaí agus ó phobail faoi mhíbhuntáiste, rochtain saor in aisce a thabhairt ar sheirbhísí, agus dreasachtaí chun glacadh le seirbhísí, d'fhéadfaí ní hamháin cur leis an gcuimsiú san oideachas agus sa chúram luath-óige, ach feabhas a chur freisin ar an gcúram teaghlach agus ar dhea-bhail agus forbairt an linbh;
16. Ós rud go mbíonn iliomad constaicí ag leanaí faoi mhíchumas nó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, is den riachtanas í an luath-idirghabháil agus go dtacófaí le tuismitheoirí trí sheirbhísí teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe. Leanaí atá faoi mhíchumas, d'fhéadfadh sé go mbeadh fadhbanna acu ní hamháin i ndáil le gan a bheith cuimsithe sa chóras oideachais ach freisin i dtéarmaí na timpeallachta fisiciúla, agus ó thaobh réamhchlaonta agus steiréitíopaí. Gan tacaíocht agus cosaint thráthúil iomchuí agus bearta chun an cuimsiú a chur chun cinn, d'fhéadfadh na deacrachtaí sin éirí níos measa agus iarmhairtí a bheith acu ar feadh an tsaoil i dtéarmaí an bhochtaineacht agus an t-eisiamh a bheith níos measa, do thuismitheoirí agus leanaí araon;
17. Leanaí atá scartha óna dtuismitheoirí agus/nó óna dteaghlaigh, caithfear comhdheiseanna a thabhairt dóibh ó thaobh forbartha agus foghlama. Is den riachtanas é an cúram leanaí a dhí-institiúidiú, cúram, seirbhísí agus cúnaimh teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe a chur ar fáil, infheistiú i seirbhísí coisc agus tacaíochta teaghlach agus na córais cosanta leanaí a neartú chun tús níos fearr a thabhairt do na leanaí sin;
18. Cé gur ar na Ballstáit iad féin, i gcónaí, atá an fhreagracht beartais forbartha luath-óige a leagan amach agus a eagrú, agus gur fúthu freisin atá beartais agus seirbhísí i gcoitinne i ndáil le dea-bhail agus cosaint leanaí, is féidir rannchuidiú, leis an gcomhar trí Mhodh Oscailte an Chomhordaithe, le cuspóirí Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach, ar réimse é dá dteastaíonn gníomhaíocht láidir ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;
19. Rannchuidíonn Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) le cur chun feidhme na n-athchóirithe i gcás beartas leanaí, arna gcothú freisin le cistiú ó na buiséid náisiúnta;

## IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

### AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

20. Leanúint de chearta an linbh a chur chun cinn agus na beartais leanaí agus na beartais teaghlach-lárnacha a choinneáil mar thosaíocht ar an gclár oibre beartais, lena n-áirítear an clár oibre tar éis -2020, agus tacú leis na Ballstáit agus a mbeartais náisiúnta á gcur chun feidhme acu;
21. I gcomhréir le roinnt na n-inniúlachtaí mar atá leagtha síos sna Conarthaí, cur chun feidhme na bprionsabal a bhaineann le leanaí i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun cinn agus go háirithe iad siúd a bhaineann leis an gceart chun cosaint a fháil ar an mbochtaineacht, an ceart atá ag leanaí ó chúlraí míbhuntáiste go ndéanfaí bearta sonracha chun feabhas a chur ar chomhdheiseanna dóibh agus an ceart chun oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne ardchaighdeáin a fháil;
22. Leanúint den idirphlé idir na Ballstáit, saineolaithe, comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta a chur chun cinn agus a fheabhsú, agus an fhoghlaim fhrithpháirteach agus malartú na ndea-chleachtas i réimsí ábhartha a éascú. Leis sin, áirítear bochtaineacht leanaí a chosc, beartais forbartha luath-óige do leanaí, lena n-áirítear cuir chuige chomhtháite trí réimsí éagsúla beartais, seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige ardchaighdeáin, chomh maith le tionchar an digitithe ar an bhforbairt luath-óige;
23. Leanúint leis an obair anailíseach agus an faireachán i ndáil le bochtaineacht agus dea-bhail leanaí agus topaicí eile a bhaineann leis an bhforbairt, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus na gníomhaíochtaí sin a neartú;

### **MOLANN SÍ DO NA BALLSTÁIT, agus a gcásanna sonracha á gcur san áireamh, an méid seo a leanas a dhéanamh**

24. Rochtain chomhionann chothromasach a áirithiú ar an oideachas agus ar an gcúram luath-óige ardcháilíochta uilíoch do gach leanbh trí leanúint d'fheabhas a chur ar an méid seo a leanas:
  - a n-infhaighteacht, agus difríochtaí agus riachtanais réigiúnacha á gcur san áireamh,

- a n-inrochtaineacht agus a n-inacmhainneacht, trí mheascán cothromaithe de bheartais uilíocha agus beartais spriocdhírthe, agus seirbhísí agus dreasachtaí éagsúla, chomh maith le bearta chun constaicí agus bacainní a shárú,
  - a gcuimsitheacht, trí leanaí a chuimsiú a bhfuil cúlraí difriúla, riachtanais speisialta nó míchumais acu, agus an leithscaradh á sheachaint agus dreasachtaí á dtabhairt dá rannpháirtíocht, agus
  - a gcáilíocht trí ghairmiúla agus coinníollacha maithe oibre don lucht saothair san oideachas agus cúram luath-óige a chur chun cinn, feabhas a chur ar fhorbairt curaclam nó treoirlínte don luath-óige lena mbeidh gach leanbh in ann a chumas iomlán a fhorbairt, agus comhionannas cóireála agus deiseanna á n-áirithiú do bhuachaillí agus do chailíní, agus faireachán agus meastóireacht ar na cásanna á gcur chun cinn ar mhaithe le leas an linbh, agus struchtúir oiriúnacha nua rialachais á gcur i bhfeidhm;
25. Cuir chuige chomhtháite leanbh-lárnacha a chur i bhfeidhm lena ndírítear ar ghnéithe uile fhorbairt agus dhea-bhail an linbh agus an comhordú agus an t-idirghníomhú idir sláinte, oideachais, córais chosanta sóisialta agus leanaí a neartú a thuilleadh, chomh maith le soláthar comhtháite comhordaithe seirbhísí ar an leibhéal áitiúil;
26. Leanúint de bheith ag tacú le tuismitheoirí trí rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, tacaíocht airgeadais teaghlach a sholáthar agus rochtain ar sheirbhísí éagsúla, lena n-áirítear comhairleoireacht agus cúnaimh do theaghlaigh;
27. Leanúint de thacaíocht ildisciplíneach a chur ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh ó chúlraí míbhuntáiste, amhail leanaí Romacha, leanaí ó thríú tíortha atá ina gcónaí go dleathach sa tír nó leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu, agus freisin do leanaí i gcúram malartach agus leanaí ar íospartaigh foréigin agus mí-úsáide iad;
28. Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chur chun cinn, chomh maith le cleachtais lena mbunaítear agus lena ndoimhnítear na comhpháirtíochtaí idir tuismitheoirí agus seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige, agus cleachtais lena n-éascaítear an fhor-rochtain chuig tuismitheoirí agus teaghlaigh ó chúlraí míbhuntáiste agus ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste;
29. Leanúint d'fheabhas a chur ar an mbailiú sonraí agus ar an bhfaireachán atá á ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil maidir le táscairí bunriachtanacha na forbartha luath-óige agus sholáthar na seirbhísí;



30. An bhaint a bhíonn ag na gníomhaithe ábhartha ar fad, poiblí, príobháideach agus ón tsochaí shibhialta, i bhfoirmliú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht na mbeartas forbartha agus dea-bhail luath-óige, a neartú agus an comhar eatarthu a neartú freisin;
31. Úsáid níos fearr a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), agus go háirithe as Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ag brath ar na himthosca náisiúnta agus na cláir oibre beartais chun tacú le beartais chun bochtaineacht leanaí agus an t-eisiamh sóisialta a chosc agus a chomhrac;

## **IARRANN SÍ AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

32. Laistigh de chreat an Mhodha Oscailte Comhordúcháin maidir le Cosaint Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta, leanúint de bhailiú agus comhroinnt smaointe, eolais, taithí agus dea-chleachtas a éascú agus a spreagadh i ndáil le beartais chomhtháite forbartha luath-óige agus a dtionchar ar laghdú na bochtaineachta agus an eisiamh shóisialta, lena n-áirítear trí athbhreithnithe téamacha agus trí Chlár Athbhreithnithe Piaráí um Chosaint Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta;
33. Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh agus anailís leordhóthanach a chur ar fáil maidir le topaicí sonracha a bhaineann le bochtaineacht, dea-bhail agus forbairt leanaí, lena n-áirítear tríd an Seimeastar Eorpach;
34. Leanúint dá chomhar leis an gCoiste Fostaíochta, leis an gCoiste Oideachais agus le coistí eile agus le grúpaí ardleibhéil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i ndáil le topaicí na hinniúlachta comhpháirtí a bhaineann le faireachán ar fhorbairtí sóisialta agus laghdú na bochtaineachta agus an eisiamh shóisialta.

## Tagairtí

- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;
- Eoraip 2020: Straitéis an Aontais Eorpaigh do phoist agus don fhás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach;
- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné shóisialta a bhaineann le hoideachas agus le hoiliúint, 2010;
- Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige: ag soláthar an tús is fearr don saol atá rompu dár leanaí uile, 2011;
- Moladh 2013/112/AE ón gCoimisiún maidir le hInfheistíocht a dhéanamh i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh;
- Conclúidí na hUachtaránachta, an Chomhairle Eorpach, Barcelona, 15-16 Márta 2002;
- An Comhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne 2011-2020;
- An Creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach maidir le hOideachas agus Oiliúint 2020;
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le míchothromaíochtaí a laghdú le fócas speisialta ar bhochtaineacht leanaí, 2015;
- Na Conclúidí ón gComhairle maidir le Creat AE do Straitéisí Náisiúnta suas go dtí 2020, maidir le Lánpháirtíú na Romach, 2011;
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Dlús a chur leis an bPróiseas i ndáil le Lánpháirtíú na Romach, 2016;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh;
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas;
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, 2030;
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na chéad chéimeanna eile le haghaidh todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Gníomhaíocht Eorpach don Inbhuanaitheacht, 2016;
- Eurydice *Tackling social and cultural inequalities through early childhood education and care in Europe* [Ag dul i ngleic le neamhionannais shóisialta agus chultúrtha trí oideachas agus cúram luath-óige san Eoraip], 2009;
- Proposal for *Key principles of a Quality Framework for Early Childhood Education and Care*, [Moladh i ndáil le bunphrionsabail do chreat cáilíochta d'oideachas agus do chúram luath-óige], tuarascáil ón Meitheal um Oideachas agus Cúram Luath-Óige faoi choimirce an Choimisiúin Eorpaigh.